

Comhairle Contae na hIarmhí

ACHT NA DTEANGACHA OIFIGIÚLA 2003
SCÉIM TEANGA

2016 go 2019

Clár

Caibidil 1: Réamhrá agus Cúlra	3
1.1 Réamhrá	3
1.2 Ullmhú agus Ábhar na Scéime	3
1.3 Dáta Tosach Feidhme na Scéime.....	4
Caibidil 2: Forléargas ar Chomhairle Contae na hIarmhí.....	5
2.1 Misean agus Cuspóirí	5
2.2 Príomhfheidhmeanna	5
2.3 Príomhsheirbhísí	5
2.4 Custaiméirí agus Cliaint.....	8
Caibidil 3: Mionsonraí na seirbhísí ar fáil i mBéarla amháin nó go dátheangach ...	9
Caibidil 4: Ag cur feabhas ar sholáthar Seirbhísí i nGaeilge	10
Caibidil 5: Ag cur Feabhas ar Inniúlacht Teanga	17
5.1 Earcaíocht	17
5.2 Oiliúint agus Forbairt	17
5.3 Poist Shainithe Ghaeilge	19
Caibidil 6: Monatóireacht agus Athbhreithniú	20
Caibidil 7: Poiblíocht don Scéim Chomhaontaithe.....	21

Caibidil 1: Réamhrá agus Cúlra

1.1 Réamhrá

Forálann Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 d'ullmhú scéim teanga ag comhlachtaí poiblí ag tabhairt mionsonraí maidir leis na seirbhísí a sholáthróidh siad:

- trí mheán na Gaeilge,
- trí mheán an Bhéarla; agus
- trí mheán na Gaeilge agus an Bhéarla

agus na bearta atá le glacadh lena chinntiú go ndéanfar aon seirbhís nach soláthraíonn an comhlacht faoi láthair trí mheán na Gaeilge a chur ar fáil laistigh de thréimhse ama chomhaontaithe.

De réir alt 14(3), den Acht, beidh feidhm leis na scéimeanna teanga ar feadh tréimhse 3 bliana nó go dtí go mbeidh scéim nua daingnithe ag an Aire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta, cibé acu is déanaí.

1.2 Ullmhú agus Ábhar na Scéime

Tugadh aird chuí, agus an scéim seo á hullmhú, ar na Treoirínte a bhí eisithe ag an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta. Chomh maith leis sin, bhí próiseas comhairliúcháin cuimsitheach ann le geallsealbhóirí ábhartha.

Tá an Chomhairle Contae á treorú ag an bprionsabal gur chóir go mbeadh soláthar seirbhísí Gaeilge bunaithe ar:

- an bunleibhéal éilimh ar sheirbhísí sonracha i nGaeilge,
- an tábhacht a bhaineann le cur chuige forghníomhach i leith seirbhísí den chineál sin a sholáthair, agus
- na hacmhainní, lena n-áirítear acmhainní daonna agus airgeadais agus cumas an chomhlachta an cumas riachtanach teanga a rochtain nó a fhorbairt.

Déanann an scéim seo comhlánú ar phrionsabail na Seirbhíse Ardchaighdeáin do Chustaiméirí agus ár gCairt Chustaiméirí. Cuireadh i dtoll a chéile í agus é i gceist a chinntiú go dtabharfaidh Comhairle Contae na hIarmhí aghaidh go hiomlán ar gach oibleagáid ábhartha faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla ar bhonn céimnithe, tríd an scéim seo agus trí scéimeanna amach anseo.

Tá an Scéim seo bunaithe ar na tiomantais go léir a bhí in aon scéim a bhí curtha i bhfeidhm roimhe seo. Sa chás nár cuireadh tiomantais a bhí i scéimeanna roimhe seo i bhfeidhm go hiomlán go dtí seo, bhí an t-ábhar seo faoi réir ag díospóireacht le hOifig an Choimisinéara Teanga.

Tugtar aitheantas agus is mór an meas atá ar an am agus ar an iarracht atá curtha isteach ag na daoine go léir a bhí bainteach leis an bpróiseas seo.

1.3 Dáta Thosach Feidhme na Scéime

Tá an Scéim seo daingnithe ag an Aire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta ar an **29 Feabhra 2016**. Cuirfear tús léi le héifeacht ón dáta seo agus beidh sí i bhfeidhm ar feadh tréimhse 3 bliana nó go dtí go mbeidh scéim nua daingnithe, cibé acu is déanaí.

Caibidil 2: Forléargas ar Chomhairle Contae na hIarmhí

2.1 Misean agus Cuspóirí

Ráiteas Misin: Forbairt Eacnamaíoch, Sóisialta agus Cultúrtha Chontae na hIarmhí a stiúradh agus seirbhísí d'ardchaighdeán a sheachadadh.

2.2 Príomhfheidhmeanna

Forbairt Eacnamaíoch, Fiontair agus Pobail

- Forbairt Eacnamaíoch agus Fiontraíochta Áitiúil
- Coiste Forbartha Pobail Áitiúil

Seirbhísí Comhshaoil, Uisce agus Éigeandála

- Cosaint Comhshaoil
- Seirbhísí Uisce (thar ceann Uisce Éireann Teoranta)
- Seirbhísí Dóiteáin agus Éigeandála
- Cosaint Shibhialta

Tithíocht, Corparáideach agus Cultúr

- Tithíocht
- Seirbhísí Corparáideacha
- Seirbhísí Leabharlainne
- Ealaíona, Cultúr agus Oidhreacht
- Airgeadas
- Mótarchánachas
- Acmhainní Daonna
- Teicneolaíocht Faisnéise

Iompar agus Pleanáil

- Pleanáil agus Forbairt Inbhuanaithe
- Bóithre agus Iompar

2.3 Príomhsheirbhísí

Tá Chomhairle Contae na hIarmhí roinnte go feidhmiúil sna Stiúrtóireachtaí seo a leanas;

- Forbairt Eacnamaíoch, Fiontair agus Pobail
- Seirbhísí Comhshaoil, Uisce agus Éigeandála
- Tithíocht, Corparáideach agus Cultúr
- Iompar agus Pleanáil

Is iad na príomhphointí seirbhíse don Chomhairle an dá oifig Ceantar Bardasach atá lonnaithe sa Mhuileann gCearr agus i mBaile Átha Luain. Tá cuntas Seirbhís do Chustaiméirí tiomanta i ngach aon oifig. Tá líonra de 7 Leabharlann freisin ar fud an chontae agus tá teagmháil leathan do chustaiméirí iontu go léir. Bíonn teagmháil ag foireann nach bhfuil lonnaithe in oifig na Comhairle lenár gcustaiméirí sa bhaile agus go poiblí araon.

Gníomhaíochtaí a chuireann Comhairle Contae na hIarmhí ar fáil

Forbairt Eacnamaíoch, Fiontair agus Pobail

Forbairt Eacnamaíoch agus Fiontraíochta Áitiúil (LEO)

Cuireann an LEO tacaíocht ar fáil do dhaoine aonair agus do ghnólachtaí i ngach páirt den Iarmhí, do ghnólachtaí nua agus gnólachtaí atá ann cheana. Díreann an tacaíocht seo ar ghnólachtaí a bhfuil 10 bhfostaí nó níos lú á bhfostú acu i ngach earnáil, lena n-áirítear déantúsaíocht, trádáil idirnáisiúnta, dearadh agus ceardaíocht, seirbhísí, miondíol, cúram leanaí agus táirgeadh bia. Áirítear ar na tacaíochtaí lárnacha atá á soláthar:

- Cúnamh Airgeadais (Catagóirí Incháilithe amháin)
- Soláthar Comhairle agus Eolas maidir le Gnó
- Oiliúint Ghnó
- Forbairt Fiontair a Spreagadh i gContae na hIarmhí

Coiste Forbartha Pobail Áitiúil

Tá sé mar phríomhról leis seo cur chuige comhleanúnach agus lánpháirtithe i leith forbairt áitiúil agus pobail a fhorbairt, a chomhordú agus a chur i bhfeidhm. Cuirfear sin i gcrích trí:

- Comhordú, pleanáil agus maoirseacht a dhéanamh ar chaiteachas forbartha áitiúil. Cur chuige comhleanúnach i leith clár forbartha pobail agus áitiúil a chur i bhfeidhm.
- Rannpháirtíocht pobail agus saoránach.

Tá comhaltas an choiste comhdhéanta de raon comhpháirtithe socheacnamaíoch reachtúil agus neamhreachtúil a thagann ó cheantar riaracháin na Comhairle.

Seirbhísí Comhshaoil, Uisce agus Éigeandála

Cosaint Comhshaoil

Tá Roinn na Seirbhísí Comhshaoil freagrach as an gcomhshaoil a chosaint ar fud an chontae. Áirítear air sin, an reachtaíocht comhshaoil reatha go léir a fhorfheidhmiú sna réimsí Bhainistiú Dramhaíola agus Rialú ar Thruailliú. Chomh maith leis sin, táthar freagrach as Feasacht Comhshaoil a chur chun cinn.

Seirbhísí Uisce (go príomha thar ceann Uisce Éireann Teoranta)

Tá an Roinn Seirbhísí Uisce freagrach as scéimeanna soláthair uisce poiblí, saoráidí cóireála fuíolluisce, áiseanna poiblí agus áiteanna adhlactha ar fud an chontae a oibriú agus a chothabháil, de réir Reachtaíocht agus Polasaí Náisiúnta agus AE reatha.

Seirbhísí Dóiteáin agus Seirbhísí Éigeandála

Tá an Roinn Seirbhísí Dóiteáin freagrach as freagairt do chásanna éigeandála, mar aon le foirgnimh a mheas maidir le sábháilteacht dóiteáin agus comhairle a thabhairt maidir le sábháilteacht dóiteáin. Soláthraíonn an Roinn Seirbhísí Dóiteáin Seirbhís Briogáide Dóiteáin 24 uair an chloig/365 lá sa bhliain don chontae, agus áirítear ar an tseirbhís sin freagairt do dhóiteáin, tionóiscí tráchta bóithre agus cásanna éigeandála eile.

Cosaint Shibhialta

Is é ról na Cosanta Sibhialta cuidiú in oibríochtaí cuardaigh agus tarrthála, i dtimpistí agus i gcásanna tionóisce ollmhóra agus acmhainn d'oibrithe deonacha oilte, trealamh agus tacaíocht lóistíochtúil a sholáthar chun déileáil le cásanna tacaíochta pobail agus cásanna éigeandála éagsúla.

Tithíocht, Corparáideach agus Cultúr

Tithíocht

Soláthraíonn an Roinn Tithíochta cóiríocht do dhaoine trí thithíocht ar cíos a sholáthar go díreach agus trí úinéireacht tí baile a chur chun cinn trí scéimeanna iasachta éagsúla a chuirtear ar fáil. Is é ról na Comhairle mar Údarás Tithíochta a chinntiú go mbeidh áitreabh ag gach líon tí a bheidh oiriúnach dá riachtanais ag praghas nó ar cíos inacmhainne.

Seirbhísí Corparáideacha

Tá Rannóg na Seirbhísí Corparáideacha freagrach as próiseas daonlathach na Comhairle a riaradh. Soláthraíonn an Roinn seo seirbhís rúnaíochta agus bítear rannpháirteach in ullmhú an Chláir Oibre, Miontuairiscí agus doiciméadacht tacaíochta do Chruinnithe Reachtúla, do Chruinnithe Bliantúla agus do Chruinnithe Speisialta na Comhairle. Bíonn Seirbhísí Corparáideacha freagrach as Clár na dToghthóirí, as an Scéim Deontais Ard-Oideachais agus as Caidreamh Poiblí srl. freisin.

Seirbhísí Leabharlainne

Tá líonra de 7 leabharlann i seirbhís Leabharlainne an Chontae ar fud an Chontae, cuirtear seirbhís phobail cuimsitheach ar fáil, cuirtear ábhar léitheoireachta agus tagartha ar fáil mar aon le hábhar closamhairc do dhaoine fásta agus do leanaí.

Ealaíona, Cultúr agus Oidhreacht

Áirítear sa phríomhréimse oibre seo rochtain ar na healaíona i gContae na hIarmhí, rannpháirtíocht agus feasacht i dtaobh na n-ealaíon a chur chun cinn.

Airgeadas

Tá an Rannóg Airgeadais freagrach as cuntas a choinneáil ar na cistí go léir a íoctar leis an gComhairle agus a íocann an Chomhairle. Maoineítear ioncam na Comhairle nó an caiteachas ó lá go lá ó fhoinsí mar na Rátaí Tráchtála, Muirear Uisce Tráchtála, Deontais Rialtais agus foirmeacha ioncaim éagsúla eile mar thobhaigh Forbartha, cíos tithíochta, táillí iarratais pheanála srl. Braitheann an méid cistí caipitil a bhíonn ar fáil ar leithdháiltí Rialtais sna réimsí seo a leanas, Tithíocht, Bóithre, Seirbhísí Comhshaoil, srl. Is feidhmeanna den Rannóg Airgeadais iad Bainistiú Maoine/Clár Sócmhainní freisin.

Mótarchánachas

Tá an Roinn Mótarchánachais freagrach as Ceadúnais Tiomána agus Feithiclí a eisiúint mar aon le feidhmeanna agus seirbhísí gaolmhara thar ceann an Rialtais Láir.

Acmhainní Daonna

Tá an Roinn Acmhainní Daonna freagrach as foireann nua a earcú agus a roghnú, an fhoireann a oiliúint agus a fhorbairt, polasaithe a chuidíonn leis an teaghlach a chur chun cinn, tinreamh a bhainistiú, caidrimh fostaithe agus Comhpháirtíocht san áit oibre.

Teicneolaíocht Faisnéise

Tá Roinn Teicneolaíochta Faisnéise na Comhairle freagrach as córais ríomhairí na Comhairle a chothabháil, forbairt straitéisí Teicneolaíochta Faisnéise na Comhairle a mhaoirsiú agus tacú le ranna eile maidir le seachadadh seirbhíse.

Iompar agus Pleanáil

Pleanáil agus Forbairt Inbhuanaithe

Is é fíís na Roinne Pleanála pleanáil d'ardchaighdeán a éascú agus a chur chun cinn, talamh, acmhainní agus infrastruchtúir a úsáid go héifeachtúil agus forbairt inbhuanaithe a chur chun cinn agus timpeallacht nádúrtha agus thógtha an chontae uathúil seo a chosaint le rannpháirtíocht na saoránach an méid agus is féidir i bhforbairt fisiciúil, eacnamaíoch, shóisialta agus chultúrtha an chontae.

Bóithre agus Iompar

Tá an Chomhairle freagrach as bóithre poiblí a thógáil agus a chothabháil sa chontae. Áirítear leis sin, freagracht as Bóithre Náisiúnta agus Bóithre Neamhnáisiúnta a phleanáil, a dhearadh agus a forbairt. Áirítear leis sin, breithnithe sábháilteachta agus cothabháil leanúnach chun líonra sábháilte agus éifeachtúil a sholáthar a fhreastalóidh ar riachtanais an chontae maidir le Forbairt Tionscail, Talmhaíochta, Turasóireachta agus Pobail.

2.4 Custaiméirí agus Cliant

- An tAire agus an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil
- Ranna Rialtais agus Oifigí Aireachta eile
- Custaiméirí Údaráis Áitiúla na hIarmhí agus an pobal i gcoitinne
- Grúpaí Pobail Áitiúla
- Gníomhaireachtaí Stáit Eile
- Comhpháirtithe Sóisialta
- Údaráis Áitiúla agus Réigiúnacha Eile
- Eagraíochtaí an Aontais Eorpaigh
- Eagraíochtaí forbartha pobail agus áitiúil
- Soláthróirí seirbhíse na hearnála príobháidí
- Gnó agus Fiontar

Caibidil 3: Mionsonraí na seirbhísí atá á gcur ar fáil faoi láthair i mBéarla amháin nó go dátheangach

Mionsonraí na seirbhíse atá á soláthair i láthair na huaire i mBéarla amháin nó go dátheangach i nGaeilge agus i mBéarla; lena n-áirítear seirbhísí i gceantair Ghaeltachta.

Soláthar Reatha Seirbhísí		
Seirbhísí (Ginearálta)	I mBéarla amháin	I mBéarla amháin nó go dátheangach i mBéarla agus i nGaeilge
Foirmeacha Iarratais		Dátheangach
Bróisiúir agus bileoga eolais	I mBéarla amháin	
Doiciméid Polasaí Ollmhóra		Dátheangach Tuarascáil Bhliantúil Plean Gnímh maidir le Seirbhís do Chustaiméirí & Cairt Plean Ealaíon Scéim Teanga Oifigiúil
Comhfhreagras		Freagraítear comhfhreagras i nGaeilge nó i mBéarla, ag brath ar cén teanga oifigiúil a roghnaigh an custaiméir.
Preasráitis	I mBéarla go ginearálta	Sa chás go mbaineann an t-ábhar leis an nGaeilge, eisítear an preasráiteas go dátheangach.
An Deasc Seirbhísí don Chustaiméir agus an Lasc-chlár	I mBéarla go ginearálta	Tá líon teoranta fostaithe i gComhairle Contae na hIarmhí atá líofa i nGaeilge. Dá bhrí sin, braitheann soláthar seirbhíse ar na daoine aonair seo a bheith i láthair agus ar fáil lena dhéanamh chomh maith leis na gnáthdhualgais atá sannta dóibh.
Ríomhphost		Freagraítear comhfhreagras i nGaeilge nó i mBéarla, ag brath ar cén teanga oifigiúil a roghnaigh an custaiméir. Tá an séanadh ríomhphoist dátheangach.
Láithreán Gréasáin	I mBéarla	
Córais TF	I mBéarla go ginearálta	Baintear úsáid as córais ag a bhfuil cumas dátheangach a fhaigheann tacaíocht ón LGMA.

Caibidil 4: Ag cur feabhas ar sholáthar Seirbhísí i nGaeilge

Is ionann na forálacha atá i gcló liath sa tábla thíos agus [riachtanais éigeantacha](#) faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003.

Bealaí cumarsáide leis an bpobal		Tiomantas	
Fógraí Réamhthaifeadta Béil		<p>Beidh na fógraí réamhthaifeadta béil seo a leanas i nGaeilge nó dátheangach:</p> <p>(a) Fógraí taifeadta béil atá á soláthar ar an teileafón nuair a bhíonn oifigí an chomhlachta phoiblí dúnta;</p> <p>(b) Fógraí taifeadta béil atá á gcráoladh trí chóras fógartha poiblí;</p> <p>(c) Fógraí taifeadta béil a chruthaítear agus a chraoltar trí chórais ríomhtheachtaireachta nó córas ríomhfhreagartha teileafóin.</p> <p>Baineann an soláthar seo le fógraí ‘taifeadta’ seachas le ‘fógraí beo’.</p> <p>Sa chás go mbíonn Ordú Logainmneacha i bhfeidhm, ceanglaítear ar an gcomhlacht poiblí leagan Gaeilge den logainm atá sonraithe san Ordú sin a úsáid sna fógraí taifeadta béil a dhéanann sé féin nó a dhéantar ar a shon.</p>	Éigeantach
	Litreacha agus post leictreonach	Freagrófar an chumarsáid scríofa go léir sa teanga oifigiúil ina bhfuarthas í.	Éigeantach
Cumarsáid i Scríbhinn	Stáiseanóireacht	Ceannteidil stáiseanóireacht, lena n-áirítear páipéar litreacha, duillíní dea-mhéine, bileoga cumhdaigh facs, clúdaigh comhaid agus fillteáin eile, lipéid agus clúdaigh litreach, á soláthar i nGaeilge nó go dátheangach.	Éigeantach
	Comharthaíocht	Ní mór an chomharthaíocht go léir a chuireann Comhairle Contae na hIarmhí suas nó a chuirtear suas thar a ceann a bheith i nGaeilge nó dátheangach, de réir rialacháin (I.R. Uimh. 391/2008).	Éigeantach

Foilseacháin	Foilseacháin	Foilseofar doiciméid ina leagtar amach tograí beartais poiblí, cuntais iniúchta nó ráitis airgeadais, tuarascálacha bliantúla agus ráitis straitéise i nGaeilge agus i mBéarla ag an am céanna.	Éigeantach
	Ciorcláin/Coir Poist	Sa chás go ndéanfaidh comhlacht poiblí cumarsáid i scríbhinn nó trí phost leictreonach leis an bpobal i gcoitinne nó le haicme den phobal i gcoitinne chun na críche faisnéis a thabhairt don phobal nó don aicme, cinnteoidh an comhlacht gur i nGaeilge nó i mBéarla agus i nGaeilge a bheidh an chumarsáid.	Éigeantach
An Ghaeltacht	Logainmneacha Gaeltachta	Bainfidh an comhlacht poiblí úsáid as logainmneacha Oifigiúla na gCeantar Gaeltachta de réir na reachtaíochta.	Éigeantach

Seo a leanas liosta gníomhartha molta ag Comhairle Contae na hIarmhí faoi gach seirbhís.

Bealaí Cumarsáide leis an bpobal	Tiomantas	Amlíne Faoi dheireadh BL 1, BL 2 nó BL 3	
Cumarsáid ó Bhéal/ Scríbhinn	Fáiltiú	Seirbhís do Chustaiméirí Cuirfear fáilte roimh chustaiméirí i nGaeilge ar dtús agus ansin i mBéarla.	Leanúnach
		Cuirfear oiliúint ar fhoirne go léir na Seirbhísí Corparáideacha agus Ceantar a bhíonn i bhfeighil cuntair nó teileafóin/lasc-chláir le cur ar a gcumas beannú simplí a thabhairt i nGaeilge.	Bliain 1
		Fógrófar ainmneacha na gcomhaltaí foirne a bhfuil ar a gcumas cumarsáid a dhéanamh i nGaeilge i gcodanna éagsúla d'oifig an chomhlachta phoiblí agus ag an bhfáiltiú. Ní bheidh seirbhísí a lorg trí Ghaeilge ag an bhfáiltiú mar chúis le moill mhíchuí. Tá socruithe i bhfeidhm le daoine den phobal a chur i dteagmháil go tapa leis an oifigeach/oifigh ábhartha atá freagrach as an tseirbhís a theastaíonn i nGaeilge a chur ar fáil.	Bliain 1

		<p>Gheofar amach rogha teanga an chustaiméara agus cuirfear é/í ar aghaidh chuig an oifigeach cuí. Mura mbíonn an t-oifigeach ar fáil tabharfar na roghanna seo a leanas:</p> <ol style="list-style-type: none"> 1) glaoch ar ais nuair atá an cainteoir Gaeilge ar fáil. 2) an gnó a dhéanamh le comhalta foirne atá ag cur seirbhís aistriúcháin ar fáil, nó 3) leanúint ar aghaidh agus an gnó a dhéanamh trí Bhéarla. 	Bliain 2
	Seirbhís Duine le Duine/Chuntair	<p>Gach Seirbhís eile do Chustaiméirí Fáilteofar roimh chustaiméirí i nGaeilge ar dtús agus ansin i mBéarla.</p> <p>Cuirfear oiliúint ar fhoirne go léir na Seirbhísí Corparáideacha agus Ceantair a bhíonn i bhfeighil cuntair nó teileafóin/lasc-chláir le cur ar a gcumas beannú simplí a thabhairt i nGaeilge.</p> <p>Fógrófar ainmneacha na gcomhaltaí foirne a bhfuil ar a gcumas cumarsáid a dhéanamh i nGaeilge i gcodanna éagsúla d'oifig an chomhlachta phoiblí agus ag an bhFáiltiú.</p> <p>Ní bheidh seirbhísí a lorg trí Ghaeilge ag an bhFáiltiú mar chúis le moill mhíchuí. Tá socruithe i bhfeidhm le daoine den phobal a chur i dteagmháil go tapa leis an oifigeach/oifigigh ábhartha atá freagrach as an tseirbhís a theastaíonn i nGaeilge a chur ar fáil.</p> <p>Gheofar amach rogha teanga an chustaiméara agus cuirfear é/í ar aghaidh chuig an oifigeach cuí. Mura mbíonn an t-oifigeach ar fáil tabharfar na roghanna seo a leanas:</p> <ol style="list-style-type: none"> 1) glaoch ar ais nuair atá an cainteoir Gaeilge ar fáil. 2) an gnó a dhéanamh le comhalta foirne atá ag cur seirbhís aistriúcháin ar fáil, nó 3) leanúint ar aghaidh agus an gnó a dhéanamh trí Bhéarla. 	<p>Leanúnach</p> <p>Bliain 1</p> <p>Leanúnach</p> <p>Bliain 2</p>

	Lasc-chlár	<p>Tabharfaidh foireann an lasc-chláir ainm an chomhlachta phoiblí i nGaeilge agus i mBéarla.</p> <p>Beidh foireann an lasc-chlár ar an eolas maidir le beannachtaí bunúsacha i nGaeilge agus beidh ar a gcumas ansin an glaoch a aistriú chuig comhalta foirne eile a bhfuil ar a cumas/a chumas Gaeilge a labhairt.</p> <p>Déanfar forbairt ar threoirlínte caighdeánacha chun déileáil le glaoiteoirí ar mian leo Gaeilge a labhairt agus seolfar ar aghaidh iad chuig na codanna éagsúla den oifig.</p> <p>Is í an fhoireann fáiltithe/lasc-chláir an chéad phointe teagmhála leis an bpobal. Cuirfear oiliúint ar fáil d'fhoireann an lasc-chláir:</p> <ul style="list-style-type: none"> • le beannú don phobal agus ainm an Údaráis Áitiúil a thabhairt i nGaeilge; • le cur ar a gcumas custaiméirí a chur ar aghaidh chuig an rannóg nó an suíomh atá á lorg acu; • le cur ar a gcumas custaiméirí a threorú chuig an oifig nó chuig an oifigeach atá freagrach as an tseirbhís a theastaíonn a chur ar fáil trí Ghaeilge, nuair is féidir. 	<p>Leanúnach</p> <p>Bliain 2</p> <p>Bliain 1</p> <p>Bliain 1</p> <p>Bliain 1</p> <p>Leanúnach</p>
	Cumarsáid teileafóin leis an bpobal	<p>Cuirfear treoir ar fáil don fhoireann maidir le glaonna teileafóin ó chainteoirí Gaeilge ón bpobal i gcoitinne a láimhseáil.</p> <p>Beannófar do chustaiméirí i nGaeilge agus i mBéarla ansin.</p> <p>Cuirfidh an fhoireann dátheangach custaiméirí ar an eolas go bhfuil siad toilteanach gnó a dhéanamh trí Ghaeilge má theastaíonn sin.</p>	<p>Tús le cur le hoiliúint i mBliain 1</p> <p>Bliain 2</p> <p>Bliain 1</p>
	Fógraí Beo	Ní dhéantar aon fhógraí beo i bhfoirgnimh Chomhairle Contae na hIarmhí.	Ní bhaineann
	Bileoga Eolas/Bróisiúir	Tá Comhairle Contae na hIarmhí tiomanta a chinntiú go gcuirfear doiciméid bheartais a cheadaíonn an Chomhairle a fhoilsiú ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla le linn saolré na scéime, laistigh den chlúdach céanna seachas	Bliain 1 Monatóireacht le déanamh ar éilimh an phobail ar

		<p>sa chás nach bhfuil sé sin indéanta mar gheall ar nádúr, saghas nó leagan amach an ábhair.</p> <p>Cuirfear 10% de bhileoga agus bróisiúir eolas nua ar fáil i nGaeilge nó sa dá theanga. Beidh an critéar roghnaithe bunaithe ar éileamh an phobail.</p>	bhonn bliantúil
	Foirmeacha Iarratais	Cuirfear gach foirm iarratais a fhoilseoidh an Chomhairle ar fáil i mBéarla agus i nGaeilge araon agus beidh tábhacht chomhionann ag an dá leagan. Foilseofar foirmeacha iarratais laistigh d'aon chlúdach amháin ach amháin mura mbeidh sin indéanta mar gheall ar mhéid, ar nádúr nó ar leagan amach an doiciméid.	Leanúnach
Na Meáin	Preaseisiúintí	Cuirfear preasráitis a bhaineann le nithe a mbeidh leas Gaeilge iontu ar fáil go dátheangach agus scaipfear iad ag an am céanna.	Leanúnach
	Urlabhraithe na Meán	Cuirfidh an Chomhairle urlabhraí meán ar fáil do na meáin le freagra a thabhairt i nGaeilge nuair a éilítear sin.	Leanúnach
	Óráidí	Cuirfear óráidí a thugann Cathaoirleach na Comhairle, Méaraí na gCeantar Bardasach agus an Príomhfheidhmeannach a mbaineann leas Gaeilge leo ar fáil go dátheangach agus scaipfear iad ag an am céanna.	Leanúnach
	Eile	<p>Déanfar forbairt go forghníomhach ar chaidreamh le Gaelscoileanna agus le hEagraíochtaí Gaeilge eile chun;</p> <ul style="list-style-type: none"> • gnó a spreagadh trí mheán na Gaeilge, chomh fada agus is féidir; • agus le tacaíocht a sholáthar chun sochaí dhátheangach a bhaint amach de réir beartas náisiúnta. 	<p>Leanúnach</p> <p>Leanúnach</p>
Teicneolaíocht Faisnéise	Ríomhphost	Tá an cumas ag an gComhairle cumarsáid a dhéanamh trí Ghaeilge sa chás go n-éilíonn duine den phobal é sin. Tá ról éascaitheora	Leanúnach

	<p>sannta do dhaoine ainmnithe ar mhaithe lena chinntiú go ndéantar atreorú inniúil agus go dtugtar freagra ar riachtanais an chustaiméara trí Ghaeilge.</p> <p>Bunófar seoladh tiomanta ríomhphoist gaeilge@westmeathcoco.ie do dhaoine ar mian leo cumarsáid a dhéanamh go díreach trí Ghaeilge le Comhairle Contae na hIarmhí.</p> <p>Tá seoltaí caighdeánacha ríomhphoist ar nós séanadh dátheangach.</p>	<p>Bliain 1</p> <p>Leanúnach</p>
Láithreáin Ghréasáin	<p>Beidh an t-ábhar statach ar an leathanach baile agus ar phríomhleathanaigh shonracha ar láithreán gréasáin Chomhairle Contae na hIarmhí ar fáil i mBéarla agus i nGaeilge.</p> <p>Leagfar córas amach agus cuirfear i bhfeidhm é ar mhaithe lena chinntiú go mbeidh leagan Gaeilge an ábhair ar an láithreán gréasáin ar aon dul leis an leagan Béarla</p> <p>Déanfar forbairt ar leathanach Gaeilge ar inlíon na Comhairle agus áireofar ansin treoir don fhoireann ó thaobh seirbhís trí Ghaeilge a sholáthar agus fáil ar bheith ar acmhainní Gaeilge.</p>	<p>Bliain 1</p> <p>Bliain 1</p> <p>Bliain 1</p>
Córais Ríomhaireachta	<p>Bainfidh an Chomhairle leas as gach córas ICT a fhaigheann tacaíocht tríd an LGMA nó trí ghníomhaire eile a bhfuil comhéadan poiblí Gaeilge acu.</p>	<p>Leanúnach</p>
Seirbhísí Idirghníomhacha	<p>Bainfidh an Chomhairle leas as gach córas ICT a fhaigheann tacaíocht tríd an LGMA nó trí ghníomhaire eile a bhfuil comhéadan poiblí Gaeilge acu.</p> <p>Beidh na saoráidí priontála go léir ábalta Gaeilge a láimhseáil.</p> <p>Leanfaidh Comhairle Contae na hIarmhí le teicneolaíocht a úsáid go gníomhach ar mhaithe le feabhas a chur ar sholáthar seirbhísí dátheangach.</p>	<p>Leanúnach</p> <p>Leanúnach</p> <p>Leanúnach</p>

	Eile	Ionchorpraíonn imeachtaí poiblí ardhphróifile gné an dátheangachais sna nósanna imeachta mar chuid d'iarrachtaí na Comhairle leis an nGaeilge a chur chun cinn go dearfach sa phobal.	Leanúnach
	Cruinnithe	<p>Ionchorpraíonn cruinnithe rialta na Comhairle gné an dátheangachais sna nósanna imeachta mar chuid d'iarrachtaí na Comhairle leis an nGaeilge a chur chun cinn go dearfach sa phobal.</p> <p>Fáiltítear roimh rannpháirtíocht i mBéarla nó i nGaeilge ag na cruinnithe poiblí a eagraíonn Comhairle Contae na hIarmhí.</p> <p>Reachtálfar cruinnithe atá eagraithe ag an gcomhlacht poiblí a dhéileálann le saincheisteanna Gaeilge i nGaeilge nó go dátheangach, de réir mar is cuí.</p>	<p>Leanúnach</p> <p>Bliain 1</p>

Caibidil 5: Ag Cur Feabhas ar Inniúlacht Teanga

5.1 Earcaíocht

Beidh earcú foirne leis an leibhéal inniúlachta cuí sa Ghaeilge i ngach réimse d'obair Comhairle Contae na hIarmhí ar na príomhbhealaí le cur an méid is fearr is féidir le fáil a bheith ar sheirbhísí trí Ghaeilge. Beidh aird á thabhairt ag ár mbeartas earcaíochta, atá faoi réir ag creat de nósanna imeachta comhaontaithe náisiúnta, ar an ngá le feabhas a chur ar inniúlacht na Gaeilge ar bhonn céimithe.

Cuirfear pacáiste ionduchtúcháin ina mbeidh cóip dár scéim comhaontaithe ar fáil do gach comhalta foirne nua ar mhaithe lena chinntiú go mbeidh siad ar an eolas faoinár dtiomantais faoin reachtaíocht.

5.2 Oiliúint agus Forbairt

Tá Comhairle Contae na hIarmhí tiomanta deiseanna chur ar fáil don fhoireann le freastal ar chúrsaí oiliúna Gaeilge atá creidiúnaithe go cuí, de réir mar a cheadaíonn acmhainní. Cuirfear an fhoireann go léir ar an eolas maidir le saoráidí/deiseanna le feabhas a chur a n-inniúlacht sa Ghaeilge.

		Tiomantas	Amlíne Faoi Dheireadh BI 1, BI 2 nó BI 3
Feabhas a chur ar inniúlacht sa Ghaeilge	Earcaíocht	<p>Cuirfear pacáiste ionduchtúcháin ina mbeidh cóip dár scéim chomhaontaithe ar fáil do gach comhalta foirne nua.</p> <p>Tabharfaidh Comhairle Contae na hIarmhí, chun fás, forbairt agus inbhuanaitheacht a bhaint amach in inniúlacht feabhsaithe chun déileáil le custaiméirí trí Ghaeilge, faoi chomhchuid Gaeilge a thabhairt san áireamh laistigh den phróiseas agallaimh foirne le linn roghnú foirne.</p> <p>Cuirfidh ár mbeartas earcaíochta, atá faoi réir ag nósanna imeachta comhaontaithe náisiúnta, le fostú daoine ag a bhfuil inniúlacht bhunúsach inchainníochtaithe teanga. Cuirfidh sé réiteach ar fáil freisin le bunús inmharthana do fhreagra custaiméara i nGaeilge a chinntiú, agus déanfaidh cothú ar an teanga ag an am céanna.</p>	<p>Bliain 1</p> <p>Bliain 1</p> <p>Bliain 2</p>
	Oiliúint	Cuirfear deiseanna ar fáil le hinniúlacht Ghaeilge na foirne a fheabhsú. Déanfar	Bliain 1

		<p>socrúithe cuí le hoiliúint sa Ghaeilge agus creidiúnú tástála inniúlachta a sholáthar don fhoireann ar mhaithe le:</p> <ul style="list-style-type: none"> • tacaíocht a thabhairt don fhoireann le cothabháil agus forbairt a dhéanamh ar a n-inniúlacht sa Ghaeilge, • feabhas a chur ar inniúlacht na foirne chun freastal ar a gcuid oibleagáidí sa Ghaeilge agus iad i mbun a gcuid dualgas, agus • réimeas maidir le creidiúnú tástála inniúlachta a sholáthar don fhoireann <p>Cuirfear an fhoireann ar an eolas maidir le hacmhainní teanga ar nós www.tearma.ie, www.focloir.ie, www.logainm.ie, www.teanglann.ie, agus www.abair.ie, chomh maith le WinGléacht, leagan leictreonach d'fhoclóir Gaeilge-Béarla Uí Dhónaill.</p>	<p>Bliain 1</p>
	<p>Rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí cur chun cinn teanga/Soláthar acmhainní</p>	<p>Ionchorpraíonn imeachtaí poiblí ardphróifíle gné an dátheangachais sna nósanna imeachta mar chuid d'iarrachtaí na Comhairle leis an nGaeilge a chur chun cinn go dearfach sa phobal.</p> <p>Cinntoidh ár leabharlann/idirlíon inmheánach go mbeidh leabhair agus ábhair eile trí Ghaeilge ar fáil mar acmhainní don fhoireann le feabhas a chur ar a gcuid inniúlachta sa Ghaeilge.</p> <p>Beidh an fhoireann ar an eolas maidir le coincheap an chomhaontaithe fhorghníomhaigh – ag cur seirbhísí trí Ghaeilge ar fáil go forghníomhach don phobal.</p> <p>Éascófar rochtain eolas ar acmhainní teanga.</p>	<p>Leanúnach</p> <p>Bliain 1</p> <p>Bliain 1</p> <p>Bliain 1</p>
	<p>Eile</p>	<p>Baineann Comhairle Contae na hIarmhí leas as seirbhísí Aistriúcháin Creidiúnaithe faoi láthair. Cinntíonn sé seo na caighdeáin is airde aistriúcháin agus tugann ráthaíocht maidir le cloí le noirm inghlactha agus réamhshocraithe ó thaobh úsáid na Gaeilge.</p>	<p>Leanúnach</p>

5.3. Poist Shainithe Ghaeilge

Tá na poist atá liostaithe thíos sainithe mar phoist ina bhfuil iniúlacht Gaeilge riachtanach. Tá sé i gceist go mbeadh caighdeán chreidiúnaithe sonracha sa Ghaeilge bainte amach ag sealbhóirí na bpost sin, i gcomhréir le freagrachtaí an phoist. Nuair a bhí na poist seo á sainiú, tugadh aird faoi leith ar phoist atá lonnaithe i gceantair Ghaeltachta agus ar phoist atá lonnaithe i gceantair atá lasmuigh de cheantair Ghaeltachta ach ar phobail Ghaeltachta agus/nó Ghaeilge formhór dá mbonn custaiméirí.

Teideal an Phoist	Láthair	An pobal Gaeltachta/Gaeilge ar a bhfuiltear ag freastal	Léiriú ar an gcaighdeán Gaeilge atá riachtanach (roghnaigh ó bhunúsach, meánleibhéal nó ardleibhéal)
Seirbhísí do Chustaiméirí	An Deasc Tosaigh	ní bhaineann	Bunúsach
Seirbhísí do Chustaiméirí	Lasc-chlár	ní bhaineann	Bunúsach
Oifigeach Gaeilge	Seirbhísí Corparáideacha	ní bhaineann	Ardleibhéal

Caibidil 6: Athbhreithniú agus Monatóireacht

Déanfaidh an Roinn Seirbhísí Corparáideach/Oifigeach Gaeilge monatóireacht agus athbhreithniú ar fheidhmiú na scéime ar bhonn rialta. Tarlaíonn sé seo ar bhonn ráithiúil ar mhaithe lena chinntiú go ndéantar cothabháil ar fheidhmiú beartais agus tionscnamh mar atá leagtha amach sa Scéim agus gur ar bhonn seasta atá an dul chun cinn. Cuirtear na torthaí ar aghaidh chuig Foireann Bainistíochta Sinsearach na Comhairle ar mhaithe le heolas agus le gníomh nuair is gá. Beidh bainisteoirí líne i ngach roinn freagrach as feidhmiú na scéime ó lá go lá.

Foilseofar mionsonraí maidir leis dul chun cinn i ndáil leis an gcur i bhfeidhm i dTuarascáil Bhliantúil na Comhairle. Beidh an tOifigeach Gaeilge ainmnithe do Chomhairle Contae na hIarmhí mar dhuine teagmhála don Scéim.

Beidh córas foirmiúil ar fáil chun monatóireacht a dhéanamh ar iarratais ar sheirbhísí trí Ghaeilge agus déanfar é sin a thaifeadadh inár dTuarascáil Bhliantúil.

Caibidil 7: Poiblíocht don Scéim Chomhaontaithe

Déanfar poiblíocht ar an scéim seo go himmheánach agus go seachtrach araon, trí phreasráiteas ar dtús. Cuirfear leagan dátheangach den scéim ar fáil ar ár láithreán gréasáin agus scaipfear í ar an fhoireann go léir agus ar na gníomhaireachtaí cuí. D'fhéadfadh sé go mbainfí úsáid as bealaí eile freisin le poiblíocht a thabhairt don scéim.

Chomh maith leis sin, tapóimid gach uile dheis inár n-idirghníomhaíocht ó lá go lá le custaiméirí leis na seirbhísí atá á soláthar trína bealaí seo a leanas a chur chun cinn agus poiblíocht a thabhairt dóibh:

- trí chustaiméirí a chur ar an eolas ar bhonn forghníomhach maidir leis an rogha gnó a dhéanamh linn trí Ghaeilge, mar shampla, trí fhógraí a thaispeáint i nGaeilge i limistéir fáilte a léiríonn go bhfuil seirbhísí Gaeilge ar fáil;
- na seirbhísí sin a liostú go soiléir ar ár láithreán gréasáin;
- trína chur in iúl ar threoirínte, bileoga roghnaithe go bhfuil na doiciméid seo ar fáil i nGaeilge freisin, mura bhfuil siad curtha ar fáil sa dá theanga;
- trí chomhstádas a thabhairt d'ábhair i nGaeilge agus i mBéarla.

Cuirfear cóip den scéim chomhaontaithe ar aghaidh chuig Oifig an Choimisinéara Teanga.

Is ionann an leagan Béarla den scéim seo agus an leagan oifigiúil.